an páipéar bán

An Caibideal fán Gaeltacht

Moladh 113: Gur chóir deontais mhaithe a chur ar fáil, tríd an mBord Náisiúnta Foilsitheoireachta atá molta againn, d'fhonn na nuachtáin áitiúla a mbíonn díol orthu sa Ghaeltacht a spreagadh chun leathanach amháin, ar a laghad, a fhoilsiú i nGaeilge i ngach eagrán, nó, más é is fearr leo, chun forlíonadh i nGaeilge a eisiúint gach seachtain.

147. Déanfar leasú ar rátaí na ndeontas a íoctar faoi láthair leis na nuachtáin áitiúla a mbíonn díol orthu sa Ghaeltacht as ucht nuacht a fhoilsiú i nGaeilge agus athbreithneofar oibriú na scéime i gcoitinne féachaint an bhféadfaí í a dhéanamh níos éifeachtúla (féach freisin an tuairisc ar mholtaí 227 go 232).

Moladh 114: Go ndéanfadh Seirbhís na Leabharlann Contae, i ngach contae ina bhfuil limistéar Gaeltachta, rannóg ar leith a chur ar bun chun freastal ar phobal na Gaeltachta, agus go mbeadh sé de chúram ar an rannóg sin féachaint le suim sa dea-léitheoireacht a mhúscailt sna daoine agus lena dhéanamh éasca dóibh leabhair fhónta, go mór mór cinn i nGaeilge, a fháil. Ba cheart breis ionad dáilte eabhar a bhunú i scoileanna na Gaeltachta, agus d'fhéadfaí Scéim na Leabharlann Taistil, atá i bhfeidhm faoi láthair i gcontaetha áirithe, a leathnú chun go mbeadh a tairbhe ag pobail scáinte atá in áiteanna sa Ghaeltacht.

148. Glactar leis an moladh seo agus lorgófar comhoibriú na n-údarás agus na Comhairle Leabharlanna lena chur i bhfeidhm.

Moladh 115: Gur ceart d'eagraíochtaí áitiúla sa Ghaeltacht breis tairbhe a bhaint as an scéim atá ann chun faiche imeartha a chur ar fáil.

149. Cuirtear an moladh seo i gcomhairle do na heagraíochtaí áitiúla lena mbaineann.

Moladh 116: Go ndéanfaí cúram breise de scríobh na Gaeilge i mbunscoileanna na Gaeltachta thar mar a dhéanfaí i mbunscoileanna na Galltachta, agus go dtosófaí níos luaithe ar a theagasc.

Moladh 117: Ós rud é gurb é is aidhm do na leabhair léitheoireachta i nGaeilge a úsáidtear sna scoileanna i gcoitinne labhairt na teanga a mhúineadh do na páistí, rud atá ag páistí na Gaeltachta cheana féin, gur chóir sraith ar leith de leabhair léitheoireachta—agus orthu sin leabhair le húdair áitiúla—a úsáid i scoileanna na Gaeltachta.

Moladh 118: Gur chóir beagán eolais a thabhairt do na páistí sna ranganna arda ar chanúintí taobh amuigh dá gcanúint dúcháis, agus chuige sin go bhféadfaí feidhm a bhaint as ceirníní Gaeilge agus as cuid de na hirisí Gaeilge.

Moladh 119: Gur chóir go mbeadh leabharlann bheag de leabhair oiriúnacha i nGaeilge i ngach bunscoil agus go n-íocfaí deontas beag chuige sin.

150. Glactar leis na moltaí seo.

Moladh 120: Gur chóir d'údaráis oideachais i limistéir Ghaeltachta nach bhfuil meánscoil iontu cheana féin tairbhe iomlán a bhaint as an scéim atá á riaradh ag Roinn na Gaeltachta.

151. Cuirtear an moladh seo i gcomhairle do na húdaráis oideachais lena mbaineann.

Moladh 121: Go ndéanfaí scéim Roinn na Gaeltachta, faoina dtugtar deontais chun meánscoileanna a thógáil, a leasú i gcás an choinnill a leagann síos nach dtabharfar an dara deontas d'aon scoil laistigh de thréimhse chúig bliana ionas go gceadófar an dara deontas nuair is gá sin toisc méadú a bheith tagtha ar líon na mac léinn.

152. Tá leasú mar a mholtar déanta cheana féin ar an gcoinníoll seo.

Moladh 122: Gurb áthas leis an gCoimisiún méadú a bheith á dhéanamh ar líon na scoláireachtaí meánscoile do pháistí ón Ghaeltacht, ach gur cheart don Roinn Oideachais an scéal a bhreithniú, go rialta, agus a líon a mhéadú tuilleadh de réir mar a bheidh meánscoileanna nua á gcur ar bun sa Ghaeltacht.

Moladh 123: Ós rud é go bhfuil sé an-deacair Gaeilgeoiri a fháil a bhfuil an t-eolas cruinn ar scríobh na Gaeilge acu a bheadh ag teastáil le haghaidh post cléireachais agus rúnaíochta, gur ceart do gach gairmscoil sa Ghaeltacht a mbíonn cailíní ag freastal uirthi cúrsa maith a thionscnamh chun iad a theagasc le haghaidh post den sórt sin i gcomhlachtaí Stát-urraithe agus i ngnólachtaí príobháideacha. Ba chabhair mhór dóibh freisin eolas éigin a bheith acu ar cheann de theangacha na Mór-Roinne.

153. Glactar leis na moltaí seo.

Moladh 124: Gur chóir do cheann de na Coistí Gairmoideachais a bhfuil limistéar Gaeltachta faoina chúram cúrsa a chur ar bun chun cailíní ón Ghaeltacht a oiliúint le bheith ina mbuimí; bheadh teagasc sna hábhair seo le tabhairt sa chúrsa sin: tógáil leanaí, easláintí leanaí agus céadchabhair, cócaireacht agus tíos, síceolaíocht i leith leanaí agus buneolas ar mhúineadh na Gaeilge do leanaí. Ba cheart teastas gairme a bheith ag gabháil leis an gcúrsa, go mbeadh aitheantas oifigiúil ag an astail agus coinníollacha oibre de ghairm, agus go gcinnfí scálaí tuarmbeadh éileamh seasta ar fud na réir mar ba chuí. Measaimid go tíre ar chailíní a fuair oiliúint den sórt sin, agus is dóigh linn go bhféadfaí óstán éigin in aice na Gaeltachta, nach mbíonn ar oscailt ach i rith an tsamhraidh, a thógáil ar léas le haghaidh an chúrsa, ar feadh an chuid eile den bhliain.

154. Tá breithniú á dhéanamh faoi chúrsa den saghas a mholtar a chur ar siúl ar bhonn triaileach.

Moladh 125: Gur ceart do na gairmscoileanna sa Ghaeltacht a bhíonn ag freastal ar buachaillí tuilleadh cúrsaí a sholáthar a d'ullmhódh na buachaillí le haghaidh na gcúrsaí printíseachta atá ag comhlachtaí Stát-urraithe agus ag gnólachtaí eile.

155. Glactar leis an moladh seo.

Moladh 126: Go ndéanfaí Coláiste Teicneolaíochta, le haghaidh daltaí ón Ghaeltacht, go mór mór, a chur ar bun i lárionad oiriúnach. Ba cheart do choistí Gairmoideachais a bhfuil limistéar Gaeltachta faoina gcúram roinnt scoláireachtaí a chur ar fáil don Choláiste le haghaidh iomaíochta idir mic léinn a bheadh tar éis cúrsa cuí a chríochnú i ngairmscoileanna sa Ghaeltacht.

156. Tá sé socraithe go mbunófar Coláiste Teicniúil Réigiúnach i gcathair na Gaillimhe ina ndéanfar soláthar speisialta le haghaidh ardchúrsaí teicniúla a d'oirfeadh do mhic léinn ón nGaeltacht, lena n-áirítear daoine ag a mbeadh scoláireachtaí ó Choistí Gairmoideachais. Tá sé beartaithe líon na scoláireachtaí sin a mhéadú go mór.

Moladh 127: Gur ceart do Choistí Gairmoideachais a bhfuil limistéar Gaeltachta faoina gcúram féachaint le lárionad cultúir agus oideachais do phobal na comharsanachta a dhéanamh de gach gairmscoil i limistéar tuaithe, agus chuige sin cúrsaí oideachais d'aosaithe a chur ar fáil sa cheol, sa drámaíocht, sa litríocht, etc., in aon áit a mbeadh éileamh ar a leithéid, agus socrú a dhéanamh le haghaidh léachtaí ar an stair, ar chúrsaí comhdhaonnacha, ar na healaíona, ar na heolaíochtaí agus ar chúrsaí reatha. Ba cheart dea-shampla Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe sa chás sin a leanúint i gceantair eile.

157. Cuirtear an moladh seo i gcomhairle do Choistí Gairmoideachais; tabharfaidh an tAire Oideachais spreagadh chun é a chur i bhfeidhm.

Moladh 128: Gur chóir don Aire Oideachais an chumacht a thugtar dó le halt 103 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930, a oibriú chun na moltaí sin thuas a chur i gcrích, agus deontas a íoc i leith a gcostas.

158. Tabharfaidh an Stát cúnamh mar is cuí i leith an tsoláthair airgid do scéimeanna gairmoideachais a rachadh chun leasa na Gaeltachta.

Moladh 129: Go ndéanfadh an Stát deimhin de go mbeidh gach seirbhíseach poiblí, idir sheirbhísigh an rialtais láir agus seirbhísigh an rialtais áitiúil, a bheidh ag fónamh sa Ghaeltacht, inniúil ar a ngnóthaí le pobal na háite a dhéanamh i nGaeilge go saoráideach agus gan stró.

159. Glactar leis an moladh seo faoi réir na dtuairiscí ginearálta atá tugtha roimhe seo i dtaobh úsáid na Gaeilge i gcúrsaí riaracháin phoiblí.

Moladh 130: Go gcuirfí in iúl go soiléir do gach údarás áitiúil a bhfuil cuid den Ghaeltacht faoina réim riaracháin cad iad na limistéir Ghaeltachta atá faoina chúram, agus go leagfaí síos gur ar mhaithe leis na limistéir sin amháin ba cheart an t-airgead a fhaigheann an t-údarás ón Státchiste, lena chur chun tairbhe na Gaeltachta, a chaitheamh, agus gur mar bhreis ar ghnáthchaiteachas an rialtais áitiúil, agus nach ina ionad é, atá sé le húsáid.

160. Glactar leis an moladh seo.

Moladh 131: Go ndéanfaí an deontas bliantúil £5, is iníoctha i leith páistí na Gaeltachta, a ardú go dtí £10.

Moladh 132: Go ndéanfaí coinníollacha na scéime a leasú chun gur féidir an deontas a íoc i leith ógánach os cionn 16 bliana, fad a bheith siad ag freastal ar chúrsa lánaimsire oideachais nó ar chúrsa lánaimsire oiliúna le haghaidh fostaíochta.

161. Glactar leis na moltaí seo agus tá sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm le héifeacht ón scoilbhliain reatha.

CRÍOCH.

Clocán Liath

D'éiriġ go maith leis an basár a bí ag C.L.C.Ġ. ar an Clocán Liath an tseachtain seo caite, ó oíche Dhomhnaiġ go oíche Aoine. Bí tuaiseanna maithe, agus táinig slua mór daoine ágan oíche.

An tseachtain seo caite táinig an bás ar Máire Bean Uí Dhomhnaill. Craiciú. Ní raibh an tsláinte go maith aici le tamall, agus cáit sí tamall sán ospidéal. I gCraiciú a rugadh í agus ansin a cáit sí an cuid is mó dá saol, áit a raibh ágan tuine go maith uí, agus cúis mór bróin insan baile agus sa pháiste go dtáinig an bás uirthi com hóg ina saol. Cuaiġ an tórramh go dtí an Clocán Liath áit ar thúirt an tAthair Mac Giolla Chearra na paidreacha ag an uaiġ, indiaidh Aifreann na Marbh, a léiġeadh i dTeach Pobail Naoim Peadar. Níthear comhrón lena fear céile, agus a clann mac, Séamas, insan Bhreatain Bhiġ; Donnchadh, Antoine, agus Aodh agus le Máirín Ní Dhomhnaill, inion, le Áine Bean Uí Dhomhnaill, a máthair, agus le Aodh Ó Domhnaill, Glascú, dearthár, agus Áine Bn. Uí Shúilleabháin, agus Máire Bn. Uí Dhaoill, deirfiúracha, agus le n-a ġaolta uile.

Cill Chárta

Cúis bróin insan pháiste bás Tomás Erskine, Tamhnaiġ, Cill Chárta. Bí sé os cionn na ġceithre scór, agus bí an tsláinte go maith aige go dtí ar na fíor maitibh. Níthear comhrón lena bhaintreach agus naomhar clainne. Cuaiġ an tórramh go Teach Pobail Naoim Chárta, an áit ar thúirt an tAthair Ó Maolóġ, S.C., an tAifreann agus ar labhair Sagart na Páiste, an Canónach Mac Fhionnlaoich, go h-áro fá dheireadh an duine marbh. Níthear comhrón lena bhaintreach, Máire Bean Erskine, lena clann mac, agus le Máire Bean Mhic Fhionnlaoich, agus Áine Bean Mhic Pháidín, Tamhnaiġ, Treasa Bean Mhic Briartaiġ, Uiscean, Sorcha Bn. Uí Beirn, Veronica Bean Uí Eigeartaiġ, Cnoc a' Cara agus Bella, Bean Ballin, Dún Seanáin, Co. Tíreoin, inionacha.

Bás eile a cuir bróin ar na daoine san ceantar isea Seán Cairbéal in aois a 79 bliana. Bí áro meas air féin agus ar a theaglach. Bí sé ina feirmeoir 7 ina conraitóir bóithre. Cuaiġ an tórramh go Teach Pobail Naoim Chárta, Cill Chárta, áit ar thúirt an tAthair Logue, S.C., an tAifreann agus na paidreacha ag an uaiġ. Agus áit a dtug Sagart na Páiste áro molaó dó. Níthear comhrón lena bhaintreach, Máiréad Bean Uí Chaimbéal, le Pádraic, i nGaillimh agus le Máire Bean Mhic an Ultaiġ, Cill Casaiġ, inion, agus na ġaolta eile.

Comhairdeas le Antoine Mac Ruaidhrí, Crann na Dosaí, Croiċsti, a buaiġ teilifíseán i gcrannchur Naoim Muire, Cill Chárta agus Denis Norton, Harbour Bar, na Cealla Beaga, a buaiġ an culaith cáinín, agus Máire Áine Walker, Dóchar an Oispidéal, An Clocán Liath, agus Máire Ní Feinitein, An Clocán Liath, a buaiġ buidéal uisce beatha agus buidéal fiona.

Táinig an céad scaoth de scaoth earraiġ isteach go Gleanncolmcille, taobh amuiġ de Mhálainn Bheaġ, an tseachtain seo caite. Tá an cuid acu ar fad ann, agus más comhartha ar bith seo, ba cóir go mbeadh iascaireacht an earraiġ go maith ar fad.

Bí neart stoc ar tairiscint ar aonach Cill Chárta. Ní raibh oiread éileamh ar ba ionlaoiġ, ach bí na luaċa áro. Ba agus bearraiġ ionlaoiġ ó £60-£70; ba bainne, £40-£50; eallach stóir láidir, £60-£70; bulóga bliana agus bearraiġ, £35-£45.



Tomhais maith

Lia Súl: Cé'n saġas gloine atá ag teastáil uait?

An Fear: Cé'n ċaoi a raibh fios agat go raibh gloine ag teastáil uaim?

Lia Súl: Tomas mé é an neomaitheas a siúl tú príomh an fuinneoiġ.

— — — — —

San Faic

Breitheamh: Bhfuil aon rud agat le tairiscint don Chúirt sul a dtugtar breithiúnas ort?

Príosúnaċ: Níl, a Bhreitheamh. Tóġ mo dhíobadh ġaċ uile pingin dá raibh agam.

— — — — —

Cé'n Mhaith

Bí Seán beaġ ina suí ag an tábla don té. Bí pláta de ċistí seaclaide ar an taobh eile den tabla. Bí diogras air le teaċt orċa agus sin sé lámh díreaċ treasna an tábla. Ársa a máthair leis: "Cá bhfuil do ċeanġa, a Seáin?" Ársa Seán: "Cé'n maitheas sin, ní raċaidh sé treasna."

— — — — —

Athrú

Oċan: Tá aithne agamsa ar a ċéile com fada agus naċ dtabharfaidh mé masla duit a beiċ ag íoc do bille, ach d'fáġ mé suim maith agat in mo uċaċt.

Doctúir: Go hana ċeas, ach tabair dom an páipéar poiticeara sin a tug mé duit. Tá athrú beaġ le déanamh agam ann.

Comháirle um Cáisc

Dála an rún ó Choiste Condae na Gaillimhe, faoi an ráiteas mar ġeall ar an Páipéar Bán, tuairisciotar anois naċ é an tUachtarán, Micheál Mac Cárthaiġ, agus an rúnaí, Donnċa Ó Súilleabháin, a thug an ráiteas aċ cruinniú den Choiste an Airgid. Beidh an scéal dá plé ag Ard Fheis an Chonraidh, Domhnaċ agus Luan Cásca, agus is cinnte go mbeidh mórán le rá faoi. Beidh slua mór ag an Ard-Fheis i mbliana, agus tá mórán rún ar an clár le plé.

Domhnaċ Cásca freisin, tá Ard Fheis Cumann Lúth-Cleas Ġael 7 tá rún ar an clár faoi an cosc ar cluichí iasachta. Meastar go mbeidh plé ġéar faoi seo, aċ sé an tuairim go seasfar leis an cosc fós, in aineoin an méid cainte atá déanta ina choinnibh.

Is mithid, áraċ, do Chumann Lúth Cleas Ġael, níos mó úsáid a bhaint as an teanġa Ġaeilge. Tá siad ag tabairt tacaíoċt go leor cainte don teanġa. Aċ b'fhearr mar tacaíoċt dá ndéanadh siad níos mó den obair ag a ġcuid cruinnithe féin ar fud na tíre, tré Ġaeilge. Agus is lán mithid, go mbeadh baill Chumann Lúthcleas Ġael in ann a ngnó ar fad a láimseáil tré Ġaeilge anois.

Baile Mhúirne

Beidh slua mór cuairteoirí i gCúil Aodha agus i mBaile Mhúirne don Cháisc, i mbliana, mar go bhfuil Cumann Macléinn na hÉireann, agus mictéinn ó Choláiste Ollscoile Corcaí, ag eagrú fleadh Ceoil anso, i mbliana. Beidh an fleadh ar siúl ar Domhnaċ Cásc agus Luan Cásca, i mBaile Mhúirne, agus i gCúil Aodha agus an ceantar mór-timpeall. Tá 15 comórtas ar fad ann, do ġaċ uile ġaġas ġléasra ar an tsean nós, com maith le ceol agus amhránaiocht, agus beidh rannóg ar leit do sean-stair na Ġaeltaċta. Táthar a' súil go mbeidh slua mór istiġ ar na h-amhráin agus na bailéidí. Osclaíodh an Doctúir S. Ó Tuama, ó Choláiste Iolscoile Corcaí. an fleadh, Domhnaċ Cásca. Seán Ó Riada, léaċtaí i gceol, a bheas mar príomh moltóir. Beidh neart rinnci com maith agus istoíche beidh coirmceoil duaiseoirí agus cabaret Chúil Aodha.

Aifreann Béarla

Cé go bhfuil Ceaċrú Taidġ agus Ros Dumhaċ san bhFíor Ġaeltaċt, creidimíd naċ mbíonn Aifreann i nGaeilge acu, aċ ġaċ dara seaċtain. In Eaċléim, áit ar tógadh halla le cúnamh airgid ó Roinn na Ġaeltaċta, deirtear an tAifreann as Béarla ann, go fios dúinn. Creidimíd gur i mBéarla freisin, a ċaiteas muintir an Fóid Duibh, Ġlais 7 an Fál Mór, an tAifreann a éisteaċt ġaċ uile Domhnaċ.